



Clár Deontas Beag na Seirbhíse Óige

Treoirnótaí le haghaidh Iarratas a Dhéanamh 2020-21



An Todhchaí a Atógáil le Chéile

Réamhrá

Príomhghníomh de chuid an doiciméid bheartais ón Roinn Oideachais dar teideal “Priorities for Youth - improving young people’s lives through youth work” (2013) is ea an Clár Deontas Beag.

Bunaíodh an clár chun cur ar chumas painéal daoine óga deontais do dhaoine óga eile a riar, agus is é an aidhm atá leis cur le rannpháirtíocht daoine óga i gcinntí a dhéanamh sa phobal áitiúil agus sa mhórphobal.

Cuspóir an Chláir Deontas Beag 2020-21:

Ag teacht sna sála ar thionchar Covid-19, is é cuspóir an Chláir Deontas Beag don bhliain 2020-21 cur ar chumas daoine óga iarratas a dhéanamh ar chistiú chun tacú le daoine óga ina bpobal d’fhonn:

- dea-mheabhairshláinte a chur chun cinn
- sláinte agus folláine mhothúchánach agus fhisiciúil a neartú
- tacú le dáimh a athbhunú le cairde agus le daoine
- scileanna sóisialta agus muinín a chothú agus a fhorbairt
- deiseanna a thabhairt do dhaoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i réimsí spéise lasmuigh den teach.

Is é atá i gceist le rannpháirtíocht sa Chlár Deontas Beag go nglacann daoine óga páirt i dtionscadail do dhaoine óga a ndearna daoine óga iarratas orthu agus ar phleanáil daoine óga iad. Is iadsan a chinneann cad a dhéanfar, cén uair a dhéanfar é agus cén áit agus cén dóigh a ndéanfar é!

Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh?

Tá an Clár Deontas Beag ar oscailt do ghrúpaí daoine óga idir 4 bliana d’aois agus 25 bliana d’aois atá ina gcuid de ghrúpa cláraithe/cistithe de chuid Sheirbhís Óige an Údaráis Oideachais. Ba cheart don ghrúpa atá ag déanamh iarratais bheith comhdhéanta de thriúr óga ar a laghad.

Ba cheart don teagmhálaí a bheith ina b(h)all den ghrúpa óige atá ag déanamh iarratas ar an deontas. Is é a bheidh sa teagmhálaí ná an duine a ndéanfaimid teagmháil leis/léi maidir leis an iarratas (déanfar aon teagmháil a shocrú roimh ré leis an cheannaire óige). Aithnímid gur féidir nach mbeifear in ann déanamh amhlaidh i líon beag cásanna, áfach. I gcásanna den sórt sin, beidh ar dhuine eile, mar shampla oibrí óige nó oibrí deonach, gníomhú mar theagmhálaí. I gcás go dtarlóidh sé sin, mínigh cén fáth sa spás thíos agus cuir fianaise ar na gníomhaíochtaí a bheith á bpleanáil ag an ghrúpa isteach in éineacht leis an iarratas, e.g. grianghraif d’obair ghrúpa nó de bhileoga pleanála. Is riachtanas é gurb iad na leanaí agus na daoine óga a mbeidh smacht acu ar aon chistiú a dhámhfar na daoine a cheapfaidh na smaointe uile le haghaidh na dtionscadal.

Cén uair a fhéadfaidh grúpaí iarratas a dhéanamh agus cén méid a bhféadfaidh siad iarratas a dhéanamh air?

Seolfar an Clár Deontas Beag an 7 Meán Fómhair 2020.

Féadfar iarratais a dhéanamh go dtí an 15 Eanáir 2021. Maidir leis na hiarratais sin a gheofar faoin 19 Deireadh Fómhair 2020, measúnófar iad sa chéad bhabhta cistiúcháin.

Maidir le hiarratais níos déanaí a gheofar faoin 15 Eanáir 2021, measúnófar iad sa dara babhta cistiúcháin. Tá an t-amscála cistiúcháin mar a leanas:

7 Meán Fómhair 2020	Seolfar an Clár Deontas Beag
19 Deireadh Fómhair 2020	An chéad dáta deiridh le haghaidh an chéad mheasúnaithe
Faoin tseachtain dar tosach an 2 Samhain 2020	Eiseofar na litreacha tairisceana
15 Eanáir 2021	An dáta deiridh le haghaidh an dara measúnú
Faoin tseachtain dar tosach an 25 Eanáir 2021	Eiseofar na litreacha tairisceana

Féadfaidh grúpa iarratas a dhéanamh ar dheontas idir £300 agus £2,000 (Cuireadh £500 sa bhreis leis i mbliana chun freastal ar na costais bhreise a bhaineann le scaradh sóisialta a éascú i.e. ionad mór nó iompar breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a fháil ar cíós).

Foirmeacha iarratais agus Treoirnótaí

Is féidir foirmeacha iarratais agus treoirnótaí a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig sgp@eani.org.uk, trí ghlaó a chur ar (028) 9056 6429 / (028) 9056 6952 nó trí dhul chuig suíomh Gréasáin an Údaráis Oideachais ag www.eani.org.uk/smallgrants

Is féidir pacáistí iarratais a sheoladh le ríomhphost nó sa ghnáthphost chuig grúpaí ar spéis leo.

Na nithe a fhéadfar a chistiú

Ba cheart do gach clár cloí leis an treoir reatha ón rialtas maidir le Covid-19. Agus do thionscadal á phleanáil agat, beidh ort smaoineamh ar cén dóigh a soláthróidh tú an tionscadal go sábháilte, agus treoir atá cothrom le dáta á comhlíonadh agat. Is féidir go bhféadfaidh sé sin go mbeidh sé riachtanach cláir a chur ar siúl amuigh faoin spéir nó obair a chur chun feidhme laistigh de bholgáin. Beidh sé riachtanach smaoineamh ar an líon daoine a bheidh ag teacht le chéile ag an aon am amháin agus ar bhearta scartha shóisialta.

Ní mór a thaispeáint i ngach iarratas cén dóigh a ndéanfar cuspóir an chlár 2020-21 dar teideal '**Tacú le Fás daoine óga le linn na Paidéime**' a sholáthar leis an chlár beartaithe agus leis an chaiteachas beartaithe.

Is féidir go gcuirfear roinnt tionscadal ar siúl ar lá amháin (ach ní mór do gach clár mionsonraí a thabhairt faoi na seisiúin phleanála agus ullmhúcháin roimh an imeacht agus faoin mheastóireacht ina dhiaidh), is féidir nach mairfidh cinn díobh ach roinnt bheag seachtainí agus is féidir go mairfidh cinn eile roinnt míonna – beidh sé ag brath ar na nithe ba mhaith leat a dhéanamh. Ní mór gach tionscadal a chur i gcrích faoin 31 Márta 2021.

Clúdófar na nithe seo a leanas leis an chistiú cláir: -

- Gníomhaíochtaí agus iompar chun daoine óga iargúlta a nascadh le daoine eile.
- Ionad a fháil ar cíós le haghaidh do ghníomhaíochtaí a chur ar siúl (ba cheart é a bheith mór go leor chun scaradh sóisialta a éascú).
- Gníomhaíochtaí chun naisc chuig Seirbhísí Tacaíochta Meabhairshláinte agus Sláinte Fisiciúla a sholáthar.
- Ábhair le haghaidh do thionscadail, a bhfuil uasteorainn £400.00 i bhfeidhm maidir leo.
- Beidh uasteorainn £100.00 i bhfeidhm maidir leis na costais a bhaineann le Maisc Threalaimh Chosanta Phearsanta agus Díghalráin Lámh a cheannach.
- Costais taistil agus iompair, laistigh de Thuaisceart Éireann amháin (Fágann na srianta Covid-19 go mbeidh cosc ar thaisteal lasmuigh de Thuaisceart Éireann).
- Tá uasteorainn £80 in aghaidh an duine óig i bhfeidhm maidir le tionscadail. Más rud é go dteastaíonn iompar breise chun cloí le bearta scartha shóisialta, ceadófar méid breise atá cothrom le £20 in aghaidh an duine.
- Míreanna beaga trealaimh **a theastaíonn** le haghaidh obair ghrúpa agus gníomhaíochtaí neartaithe foirmiúlachta a sholáthar.
- Ba cheart grúpaí a spreagadh trealamh a fháil ar cíós nuair is féidir, in ionad é a cheannach.
- Tá uasteorainn £200.00 i bhfeidhm maidir le trealamh a fháil ar cíós.
- Tionscadail ealaíne, lena n-áirítear múrphictiúir dhearfacha.
- Aithnítear go bhfuil seans ann go mbeidh fonn ar roinnt grúpaí íoc as seirbhísí ó speisialtóirí chun tacú le gné/gnéithe den chlár a sholáthar. Ní mór d'iarratasóirí a thaispeáint go hiomlán go mbainfidh ríthábhacht le hobair an speisialtóir má táthar chun an tionscadal a sholáthar. Féadfar suas le £25 in aghaidh na huair a cheadú chun freastal ar chuid de chostas na tacaíochta ón speisialtóir, ag brath ar an ráta náisiúnta cuí le haghaidh an speisialachais sin. Ní mór a thaispeáint nach ionann costas obair an tionscadail agus níos mó ná 20% de chostas iomlán an tionscadail. Is ó thaobh luach ar airgead de a bhreithneoidh an Painéal Measúnachta gach iarraidh ar thacaíocht a fháil ó speisialtóir. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an painéal suas le 40% den bhuiséad a cheadú le haghaidh cabhair ó speisialtóir más féidir a thaispeáint go bhfuil an chabhair sin ag teastáil chun na rannpháirtithe a nascadh chuig Seirbhísí Tacaíochta Meabhairshláinte agus Sláinte Fisiciúla, mar atá leagtha amach i gcuspóir an tionscadail ar leathanach 1.
- Costais bhia agus sólaistí. Tá uasteorainn £3.50 in aghaidh an duine i bhfeidhm maidir leo i gcás imeachtaí/gníomhaíochtaí is giorra ná 5 huair an

chloig agus tá uasteorainn £8.00 in aghaidh an duine i bhfeidhm maidir leo i gcás imeachtaí/gníomhaíochtaí is faide ná 5 huaire an chloig.

Tá teorainn ann leis an chistiú don Chlár Deontas Beag agus meastar nach mbeifear in ann gach iarratas a chistiú. Ba cheart tionscadail a phleanáil chun luach ar airgead a sholáthar freisin.

Tá seans ann go laghdófar an líon daoine a fhéadfaidh páirt a ghlacadh i ngach clár chun cloí leis an treoir maidir le Covid-19. Dá bhrí sin, cuirfidh clár 2020-21 ar chumas na n-eagraíochtaí sin a ndéantar difear dóibh ar an bhealach sin iarratas eile a dhéanamh ar an dara measúnú (Eanáir). Ní mór don eagraíocht a thaispeáint go mbeidh baint ag grúpa difriúil daoine óga leis an dara hiarratas. Ní mór do ghrúpaí óige an cuntas bainc atá cláraithe leis an Údarás Oideachais a úsáid le haghaidh cistiúcháin agus ceadófar dhá dheontas ar a mhéad in aghaidh an chuntais.

Féadfar suas le 70% de na cistí a leithdháileadh faoi dháta an chéad mheasúnaithe. Coinneofar 30% ar a laghad de na cistí chun na hiarratais sin a gheofar don dara measúnú i mí Eanáir a chistiú.

Treoir maidir leis an fhoirm iarratais a chomhlánú

Ba cheart na nótaí seo a leanas a léamh i gcomhar le gach pointe ar an fhoirm iarratais.

Tabhair faoi deara gurbh fhearr linn iarratais chlósscríofa ná iarratais scríofa, nuair is féidir.

Sonraí Clárúcháin

Ní dhámhfar cistiú ach amháin do na grúpaí sin atá cláraithe le Seirbhís Óige an Údaráis Oideachais.

1. Sonraí an Teagmhálaí

Sa chuid seo den fhoirm, ba cheart duit sonraí an teagmhálaí don tionscadal a sholáthar.

Ba cheart don teagmhálaí a bheith ina b(h)all den ghrúpa daoine óga atá ag déanamh iarratas ar an deontas. Is é a bheidh sa teagmhálaí ná an duine a ndéanfaimid teagmháil leis/léi maidir leis an iarratas (déanfar aon teagmháil a shocrú roimh ré leis an cheannaire óige).

Seoladh: tabhair sonraí seolta na hEagraíochta Óige, in ionad sheoladh pearsanta an iarratasóra.

2. Eagraíochtaí Óige

Ní mór d'Eagraíochtaí Óige a bheith ina ngrúpa atá cláraithe le Seirbhís Óige an Údaráis Oideachais.

Is é ról na heagraíochta óige tacú leis an ghrúpa a ndámhtar deontas dó. Baineann sé sin go háirithe le tacaíocht maidir le coinneáil sábháilte agus lena chinntiú go mbainfidh daoine óga taitneamh agus leas as an eispéireas a thairgtear dóibh trí dheontas.

Is féidir go n-áireofar leis freisin tacaíocht maidir le gníomhaíochtaí a eagrú, le deacrachtaí a réiteach, le taifid a choinneáil, leis an deontas a bhainistiú agus le díograis an ghrúpa don tionscadal a choinneáil ar bun.

D'fhéadfadh freisin go gcabhródh an eagraíocht óige leis an ghrúpa na tairbhí a sholáthróidh an tionscadal dóibh féin, dá bpiarghrúpa, dá dteaghlach, dá ngrúpa óige, dá scoil, dá bpobal áitiúil nó don tsochaí i gcoitinne a aithint.

Gníomhóidh an eagraíocht óige mar óstach le haghaidh an deontais a dhámhtar don ghrúpa daoine óga. Chun a bheith deimhin de go mbeidh rochtain agus smacht ag leanaí agus daoine óga ar aon deontas a d'fhéadfaí a thairiscint le haghaidh a

dtionscadail, ba cheart don ghrúpa teacht ar chomhaontú leis an eagraíocht óige ar cén dóigh a ndéanfar amhlaidh.

3. Sonraí an Tionscadail

3a. Ní mór duit ainm tionscadail a thabhairt do do thionscadal

3b. Ní mór duit a chur in iúl dúinn cén líon daoine de leanaí agus/nó de dhaoine óga atá sa ghrúpa atá ag déanamh an iarratais. Is é sin an croíghrúpa atá ag déanamh an iarratais agus a raibh baint acu lena chinneadh cad a dhéanfar, cén uair a dhéanfar é agus cén áit agus cén dóigh a ndéanfar é.

Is é triúr an líon íosta leanaí agus/nó daoine óga a theastaíonn chun iarratas a dhéanamh.

3c. Tabhair sonraí faoin líon daoine óga i ngach aoisraon atá sa ghrúpa a bhfuil baint dhíreach aige leis an iarratas seo a dhéanamh.

3d. Ní mór duit a chur in iúl dúinn cén líon daoine de leanaí agus/nó de dhaoine óga a bheidh ag glacadh páirt sa tionscadal foriomlán.

3e. Tabhair sonraí faoin líon daoine óga i ngach aoisraon a bheidh ag glacadh páirt sa tionscadal foriomlán.

3f. Ba cheart duit a chinntiú go mbeidh do dháta tosaithe beartaithe ag teacht lenár n-amchlár cinnteoireachta.

Ní mór iarratais a bheith faighte faoin 19 Deireadh Fómhair 2020 le haghaidh an chéad mheasúnaithe ar chistiú.

Nó faoin 15 Eanáir 2021 le haghaidh an dara measúnú.

Is féidir go mbeidh tionscadail ina n-imeacht a chuirfear ar siúl ar lá amháin (ach ní mór do gach clár mionsonraí a thabhairt faoi na seisiúin phleanála agus ullmhúcháin roimh an imeacht agus faoin mheastóireacht ina dhiaidh), is féidir nach mairfidh cinn díobh ach roinnt bheag seachtainí agus is féidir go mairfidh cinn eile roinnt míonna.

Ní mór duit a chinntiú go dtiocfaidh do thionscadal chun deiridh an 31 Márta 2021 nó roimh an dáta sin.

4. Is í seo an deis atá agat eolas a thabhairt dúinn faoi do thionscadal. Déan cur síos ar an tionscadal, agus na ceistanna thíos á n-úsáid agat mar threoir.

- Cad atá beartaithe agat a dhéanamh?
- Cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh an tionscadal a dhéanamh?
- Cén difear a dhéanfar dá bharr?
- Cén uair atá sé beartaithe agat é a dhéanamh?
- Cén áit a gcuirfear an tionscadal ar siúl?
- Cén dóigh a gcomhlíonfaidh an tionscadal cuspóir an chlár 2020-21 (mar atá mínithe ar leathanach 1)?

5. Costais an Tionscadail

5a. Agus do thionscadal á phleanáil agat, ba cheart duit a bheith deimhin de go ndéanfaidh tú GACH cuid de a chostáil chomh cruinn agus is féidir. Smaoinigh ar gach rud a luaigh tú i do chur síos ar an tionscadal agus breithnigh cé acu a bheidh costas ag baint le cuid ar bith de nó nach mbeidh, beag beann ar cé chomh beag is atá an costas. Tá roinnt samplaí ar fáil thíos.

Más rud é go bhfuil sé beartaithe agat dul ar chuairt nó ar thuras, mar shampla, ba cheart duit: -

- A fháil amach an bhfuil aon táillí iontrála le híoc nó nach bhfuil (seiceáil an bhfuil ráta grúpa nó lascaine grúpa ann nó nach bhfuil)
- A oibriú amach cá mhéad airgid, más ann, a iarrfaidh tú ar bhaill de do ghrúpa a íoc chun cuid de chostas na gníomhaíochta nó na cuairte a chlúdach
- A chinntiú go mbeidh ag an ionad a mbeidh tú ag dul chuige na seirbhísí agus na saoráidí uile a theastaíonn chun freastal ar riachtanais do ghrúpa
- A chinntiú go gcomhlíonfaidh na socruithe uile treoirlínte Covid-19 agus eagraíochta

Más rud é go dteastóidh iompar uait, ba cheart duit: -

- A oibriú amach cé chomh minic is a theastóidh uait é agus cén líon daoine a mbeidh baint acu le gach aistear
- Cinneadh a dhéanamh ar na cinn scríbe/na hionaid éagsúla a d'fhéadfaí a úsáid
- A chinneadh an mbaileofar gach duine san aon áit amháin nó nach mbaileofar
- Teagmháil a dhéanamh le cuideachta nó eagraíocht fruilithe ansin, agus iarraidh uirthi praghas a chur ar na turais duit

Más rud é go bhfuil tú ag fáil ionad nó áitreabh ar cíos chun cruinnithe, i measc nithe eile, a thionól, ba cheart duit: -

- An costas in aghaidh an chruinnithe a sheiceáil (gearrann roinnt áiteanna muirear in aghaidh na huairé agus gearrann áiteanna eile muirear in aghaidh an tseisiúin)
- A oibriú amach cá mhéad uair a theastóidh an t-ionad uait le haghaidh cruinnithe, i measc nithe eile
- A sheiceáil an bhfuil taiscí ag teastáil nó nach bhfuil nó an mbaineann aon chostais eile le hábhar nó nach mbaineann e.g. chun trealamh a fháil ar cíos
- A oibriú amach cén spás a theastóidh uait chun scaradh sóisialta a éascú.

Más rud é go bhfuil tú ag lorg teagascóirí speisialtóra chun cabhrú leat cuid de do thionscadal a sholáthar, ba cheart duit a oibriú amach cé chomh minic is a theastóidh siad uait agus a chinntiú go n-áireofar leis an phraghas atá siad ag lua: -

- Praghas in aghaidh na huairé nó praghas in aghaidh an tseisiúin (faigh amach cá fhad a mhaireann seisiún)
- A gcostais taistil chuig d'áit chruinnithe agus amach aisti (fiafraigh an bhfuil aon chostais eile ann nó nach bhfuil)
- Aon ábhair a theastaíonn uait, e.g. pinn, páipéar, marcóirí, fillteáin, etc.

- 5b.** Má theastaíonn uait níos mó airgid ná a fhéadfaimid a dhámhachtain, beidh sé tábhachtach go bhfaighfear an t-airgead breise sin roimh thús an tionscadail. Mura ndéantar amhlaidh, tá seans ann go measfaidh ár bpainéal dámhachtana go bhféadfadh go gcuirí rath do thionscadail i gcontúirt, go háirithe más méid suntasach é. D'fhéadfadh go gcuirí moill ar an tionscadal nó nach dtairgí aon deontas dá bharr.

6. Dearbhú

Ba cheart don teagmhálaí agus d'ionadaí ón eagraíocht óige an fhoirm a shíniú chun a dheimhniú gur cruinn agus ceart atá an fhaisnéis ar fad a sholáthraítear.

7. Cuairteanna faireacháin

Tabharfaidh Daoine Óga ó Phainéal an Chiste Deontas Beag cuairt ar roinnt tionscadal chun críche meastóireachta agus dearbhú cáilíochta.

8. Cabhair agus Tacaíocht

Beidh seisiúin tacaíochta ar fáil trí Zoom chun tacú le daoine óga a gcláir agus a n-iarratais a chur le chéile. Féadfaidh ceannairí óige freastal orthu sin freisin ina ról tacaíochta.

Chun do spéis a chlárú i seisiún tacaíochta Zoom, seol ríomhphost chuig sgp@eani.org.uk

Féadfar na seisiúin sin a eagrú le haghaidh do ghrúpa ina aonar (triúr óga ar a laghad i láthair) nó féadfaidh tú dul isteach iontu le ceannairí eile agus le grúpaí óige eile. Cuir cibé rogha is fearr leat in iúl dúinn agus d'iarraidh á déanamh agat.

Ceardlanna neamhfhoirmiúla a bheidh sna ceardlanna, ar lena linn a thabharfar láithreoireacht ghairid, seisiún ceisteanna agus freagraí agus, ina dhiaidh sin, deiseanna aonair chun smaointe agus moltaí do chláir a phlé.

Más rud é gur mian leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi Chlár Deontas Beag na Seirbhíse Óige, go dteastaíonn uait smaoineamh tionscadail a chur le chéile nó go dteastaíonn tacaíocht uait chun iarratas a dhéanamh, déan teagmháil linn ar na bealaí seo a leanas:

- fón: 028 9056 6429 / 028 9056 6952
- ríomhphost: sgp@eani.org.uk

Clár Deontas Beag na Seirbhíse Óige
An tÚdarás Oideachais
Bóthar Grahamsbridge
Dún Dónaill
Béal Feirste
BT16 2HS
sgp@eani.org.uk

Ná déan dearmad cóip de d'fhoirm iarratais chomhlánaithe a choinneáil le haghaidh do thaifead féin

Aguisín 1

Ní chlúdfófar leis an chistiú cláir:

- Costais Chónaithe Aonuaire (Ní mór turas cónaithe a bheith ina chuid de chlár níos faide)
- Laethanta nó turais aonuaire le haghaidh neartú foirniúlachta
- An costas a bhaineann le hoiliúint acadúil nó le cáilíochtaí acadúla.
- Tionscadail a théann chun tairbhe do dhaoine a chónaíonn lasmuigh de Thuaisceart Éireann.
- Conraitheoirí Seachtracha – e.g. le haghaidh athchóiriú nó le haghaidh trealamh a shuiteáil
- Costais a bhaineann le trealamh a athsholáthar; teilifíseáin, ríomhairí glúine, gléasanna iPad, etc.
- Trealamh TFC/Closamhairc
- Trealamh spóirt – Feistis iomlána spóirt, etc. (ní bhreithneofar le haghaidh cistiúcháin ach na míreanna sin a theastaíonn chun gníomhaíochtaí neartaithe foirniúlachta a sholáthar)
- Costais a bhaineann le hathmhaisiú
- Taisteal nó cláir lasmuigh de Thuaisceart Éireann
- Éadach e.g. húdaithe/T-léinte
- Cláir lena gcuirtear clár oibre polaitiúil nó reiligiúnach aonair chun cinn
- Cé go bhfáiltímid roimh iarratais ó leanaí agus daoine óga a bhfuil creideamh reiligiúnach nó tuairim pholaitiúil acu, ní chistímid gníomhaíochtaí lena gcuirtear creideamh reiligiúnach nó tuairim pholaitiúil chun cinn.